

- Líomhnaítear go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid bunaithe ar léirmhíniú ar Airteagal 17 den Rialachán PPP nach bhfuil comhoiriúnach leis na gnéithe seo a leanas:
  - na ceanglais shubstaintiúla a leagtar síos in Airteagail 4, 5 agus 21 den Rialachán PPP agus pointe 3.6.5. d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis agus atá in Airteagail 9, 11, 168 agus 191 CFAE agus in Airteagail 35 agus 37 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;
  - na ceanglais maidir le luas atá in Airteagail 7, 9, 12, 14 agus 15 den Rialachán PPP.
2. An dara saincheist, atá mar shaincheist tánaisteach, lena líomhnaítear nach mór Airteagal 17 den Rialachán PPP a fhágáil gan feidhm, de réir Airteagal 277 CFAE, toisc é a bheith ar neamhréir le prionsabal an réamhchúraim, le hAirteagail 9, 11, 168 agus 191 CFAE, agus le hAirteagail 35 agus 37 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
- Áitítear gur cheart Airteagal 17 den Rialachán PPP a fhágáil gan feidhm chun críocha na n-imeachtaí seo, dá mbeadh tuairim ag an gCúirt go bhfuil léirmhíniú cuí ar an Airteagal sin mar bhonn leis an gCinneadh atá faoi chonspóid (agus leis an Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún), de bhun Airteagal 277 TFEU, toisc go mbeadh sé ar neamh-chomhréir le prionsabal an réamhchúraim, le hAirteagail 9, 11, 168 agus 191 CFAE, agus le hAirteagail 35 agus 37 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Dá réir sin, ní fhéadfadh go mbeadh Airteagal 17 mar údar maith dlí leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, agus ní mór, mar sin, dó a bheith fágtha gan feidhm.

- (<sup>1</sup>) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2001/2068 an 25 Samhain 2001 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha beanflurailin, démhocsastróibin, fluasanam, flutolainil, meiceapróp-P, meipiocuat, meitream, ocsaimil agus pireaolóstróibin (IO 2021 L 421, lch. 25).
- (<sup>2</sup>) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO 2009 L 309, lch. 1).

## Caingean arna tabhairt an 4 Iúil 2022 – an Chipir v EUIPO – Fontana Food (GRILLOUMI)

(Cás T-415/22)

(2022/C 326/31)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Poblacht na Cipire (ionadaithe: S. Malynicz, Abhcóide, agus C. Milbradt, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Fontana Food AB (Tyresö, an tSualainn)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Iarratasóir an trádmhairc atá faoi chonspóid:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi chonspóid:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh GRILLOUMI – Iarratas ar chlarú Uimh. 15 963 291

*Nós Imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 13 Aibreán 2022 i gCás R 1284/2018-2

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a ordú do EUIPO agus don pháirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc a gcostais féin agus costais an iarratasóra ar neamhní a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

- An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Bord Achomhairc Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle de bharr gur mhainnigh sé anailís cheart a dhéanamh ar an dóchúlacht go mbeadh mearbhall ann maidir le marcanna deimhniúcháin;
- An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Bord Achomhairc sárú eile ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 nuair a rinne sé anailís earráideach ar chosúlacht earraí agus seirbhísí sa chás seo;
- An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Bord Achomhairc sárú faoi Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 freisin nuair a bhreithnigh sé ról na sainiúlachta maidir le marcanna deimhniúcháin.

---

**Caingean arna tabhairt an 6 Iúil 2022 MEDEX v EUIPO – Gerrit Cornelis Johan Stein (medex)****(Cás T-419/22)**

(2022/C 326/32)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla***Páirtithe***Iarratasóir:* MEDEX, živilska industrija, d.o.o. (Ljubljana, an tSlóivéin) (ionadaí: N. Čuden, Dlíodóir)*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Gerrit Cornelis Johan Stein (Elp, an Ísiltír)**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO***Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fiortha de chuid an Aontais Eorpaigh medex i dathanna marún, buí agus bán – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 10 307 494*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí cealaithe*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 3 Bealtaine i gCás R 1361/2021-5**An t-ordú atá á lorg***Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:*

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

- Sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua faoi Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
- Sárú ar Airteagal 58, go háirithe Airteagal 58(1)(a), agus Airteagal 58(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 11 Iúil 2022 – Coljnar v EUIPO – Barbarian Sports Wear (Barbarian fashion)****(Cás T-427/22)**

(2022/C 326/33)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an tSlóivéinis***Páirtithe***Iarratasóir:* Nataly Coljnar (Maribor, an tSlóivéin) (ionadaí: A. Pregelj, Dlíodóir)